C/2025/3121

28.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11854 – ZALANDO / ABOUT YOU)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3121)

1. An 22 Bealtaine 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Zalando SE ('Zalando', an Ghearmáin)

— ABOUT YOU Holding SE ('About You', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Zalando rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar About You ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 11 Nollaig 2024.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta ar líne é Zalando atá liostaithe go poiblí agus atá gníomhach i saol an fhaisin agus na stíle maireachtála. Feidhmíonn Zalando mar mhiondíoltóir ar líne agus margadh ar líne. Soláthraíonn Zalando seirbhísí coimhdeacha freisin (comhlíonadh orduithe, lóistíocht agus margaíocht) chomh maith le réitigh bogearraí maidir le comhtháthú ardán.

— Is miondíoltóir ar líne é About You atá gníomhach i saol an fhaisin agus na stíle maireachtála. Sa bhreis ar a chuid gníomhaíochtaí mar mhiondíoltóir ar líne, soláthraíonn About You seirbhísí coimhdeacha (comhlíonadh orduithe, lóistíocht agus margaíocht). Cuireann About You seirbhísí ríomhthráchtála ar fáil freisin trína ardán SCAYLE.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11854 – ZALANDO / ABOUT YOU

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').